Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Aibreán 2017
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0023 (COD)**

**7782/17**
**ADD 1**

**CODEC 504**
**ENV 300**
**COMER 45**
**MI 285**
**ONU 49**
**SAN 130**
**IND 75**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008<br>**(An chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an nós imeachta coiste**

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil sé contrártha le teachtaireacht agus le spiorad Rialachán 182/2011 (IO L 55 an 28.2.2011, lch. 13), pointe (b) den dara fomhír d'Airteagal 5 § 4 a agairt ar mhodh córasach. Níor cheart dul i muinín na forála sin ach amháin má tá gá sonrach ann imeacht ón riail láimhe, is é sin go bhféadfaidh an Coimisiún dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh mura dtugtar aon tuairim. Toisc gurb eisceacht é ón riail ghinearálta a bunaíodh le hAirteagal 5 § 4, ní féidir glacadh le dul i muinín phointe (b) d'fhomhír 2 mar "cumhacht lánroghnach" de chuid an Reachtóra, agus ní mór ciall a bhaint as ar bhealach sriantach agus, mar sin, údar a bheith leis.

## Dearbhú ón gCoimisiún maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta i ndáil le mearcair

Cuirfidh Coinbhinsiún Minamata agus an Rialachán nua maidir le mearcair go mór le cosaint na saoránach ar an truailliú mearcair ar fud an domhain agus san Aontas Eorpach.

Ba cheart leanúint den chomhar idirnáisiúnta chun a áirithiú go n-éireoidh leis na Páirtithe uile an Coinbhinsiún a chur chun feidhme agus chun na forálacha ann a threisiú a thuilleadh.

Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tiomanta tacú leis an gcomhar leanúnach, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún agus faoi réir na mbeartas, na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme de chuid an Aontais, trí obair a dhéanamh inter alia sna réimsí seo a leanas:

- An bhearna idir dlí an Aontais Eorpaigh agus forálacha an Choinbhinsiúin a laghdú trí bhíthin an chlásail athbhreithnithe maidir leis an liosta de tháirgí toirmiscthe a bhfuil mearcair curtha leo;
- I gcomhthéacs na bhforálacha den Choinbhinsiún maidir le maoiniú, fothú acmhainní agus aistriú teicneolaíochta, gníomhaíochtaí amhail feabhas a chur ar inrianaitheacht thrádáil agus úsáid an mhearcair, deimhniú a chur chun cinn i dtaca leis an mianadóireacht óir ar dhóigh cheardaíochta agus ar mionscála saor ó mhearcair agus lipéid "saor ó mhearcair" a chur chun cinn i gcás an óir, agus cumas na dtíortha i mbéal forbartha a mhéadú, i réimse an bhainistithe ar dhramhaíl mhearcair san áireamh.

## Ráiteas ón mBeilg

Cuireann an Bheilg in iúl go bhfuil imní uirthi faoi fhorálacha an Rialacháin maidir le stóráil bhuan dramhaíola mearcair.

Luaitear sa rialachán nua (airteagal 13) gur cheart an méid a leanas a dhéanamh le dramhaíl mearcair (leachtach):

- Í a thiontú agus a sholadú sula ndéantar í a stóráil ar bhonn buan i saoráidí <u>os cionn</u> an talaimh;
- Í a thiontú sula ndéantar í a stóráil ar bhonn buan i saoráidí <u>faoin</u> talamh;

Tá an Bheilg cinnte go bhfuil sé ríthábhachtach go ndéanfar dramhaíl mearcair a thiontú agus a sholadú sula ndéantar í a stóráil ar bhonn buan i saoráidí os cionn an talaimh <u>agus</u> faoin talamh. Sin an t-aon bhealach le leibhéal leordhóthanach cosanta a áirithiú in aghaidh éillithe chomhshaoil agus le dochar don tsláinte a sheachaint.

Measann an Bheilg gur cheart treoirlínte Mearcair Basel (UNEP/CHW.12/5/Add.8/Rev.1) a úsáid mar bhonn teicniúil le cothroime iomaíochta a chinntiú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda.

Iarrann an Bheilg ar an gCoimisiún Eorpach measúnú críochnúil a dhéanamh ar na forálacha sin trí chuibreannais neamhspleácha saineolaithe - a bheidh cáilithe ó thaobh na hinnealtóireachta, na dteicneolaíochtaí maidir le líonta talún dramhaíola, na gceimicí agus na n-eolaíochtaí geolaíocha. Ba cheart treoirlínte Basel agus caighdeáin ábhártha idirnáisiúnta eile a chur sna áireamh sna téarmaí tagartha don mheasúnú seo, agus ba cheart iad a chur faoi bhráid an choiste theicniúil dramhaíola (an Coiste um Oiriúnú don Dul Chun Cinn Eolaíoch agus Teicniúil agus um Chur Chun Feidhme na dTreoracha maidir le Dramhaíl).